**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2011**
**Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**
**Triail chluastuisceana**

Tá trí chuid sa triail seo: tá Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

## Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

### An chéad chainteoir

Is mise Cáit Ní Riain. Táim i mo chónaí sa Daingean i gContae Chiarraí. Bhí mo mháthair ag obair in óstán ach chaill sí a post anuraidh. Marcaíocht chapall an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá capall bán agam. Sneachta is ainm dó. Ba mhaith liom dul isteach san airm amach anseo.

### An dara cainteoir

Cén chaoi a bhfuil sibh? Seán Ó Conaire anseo. Rugadh mé in Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe. Tá mé ag freastal ar scoil chónaithe. Imrím sacar le Gaillimh Aontaithe. Bhí cúpla triail agam i Sasana sa samhradh. Shínigh mé conradh bliana le Leeds United an tseachtain seo caite. Tá súil agam go n-éireoidh liom ann. Is é Kevin Doyle an t-imreoir sacair is fearr liom.

## Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

### Fógra

Beidh Fleá Ceoil na hÉireann ar siúl i mbaile mór an Chabháin i mbliana. Beidh sé ar siúl i mí Lúnasa. Tá traidisiún fada ceoil agus amhránaíochta sa cheantar. Tá gach eolas faoin bhFleá le fáil ag www.fleadh2011.ie.

### Píosa nuachta

Bhí an t-óstán Knockranny House i gCathair na Mart sa nuacht le déanaí. Bhuaigh sé an chéad duais i gComórtas Bialanna na hÉireann. Bronnadh an trófaí ag ócáid speisialta in Óstán an Bhurlington i mBaile Átha Cliath. Bhí seacht gcéad duine i láthair ag an ócáid.

## Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

### Cómhrá a haon

**Brian:** Goidé mar atá tú, a Úna? Brian Ó Néill anseo.

**Úna:** Níl Úna anseo faoi láthair ach fág teachtaireacht le do thoil…

(Tosaíonn Úna ag gáire).

**Brian:** Éirigh as an bpleidhcíocht a Úna. Táim ag lorg nótaí Staire.

educate.ie

**Úna:** Brón orm, a Bhriain. Goidé a dúirt tú?

**SOS**

**Brian:** An bhfuil na nótaí a fuaireamar faoi Michael Collins agat?

**Úna:** Tá cinnte. Tá na nótaí Staire agam. An bhfuil a fhios agat go bhfuil siad ar shuíomh gréasáin na scoile fosta?

**Brian:** Tá a fhios agam sin ach níl banda leathan againn sa bhaile.

**Úna:** Ná bíodh imní ort, a Bhriain. Tabharfaidh mé na nótaí Staire duit amárach.

**Cómhrá a dó**

**Antain:** Haigh, a Neasa.

**Neasa:** Heilleo, a Antain. Cén chaoi a bhfuil tú?

**Antain:** Go maith a Neasa. Bhí mé ag Féile Oxegen i mbliana. Bhí na bannaí ceoil ar fheabhas. An raibh tusa ann?

**Neasa:** Ní raibh. Bhí mé thar lear.

**Antain:** Thar lear! Nach méanar do dhaoine áirithe?

**SOS**

**Neasa:** Oibríonn mo dhaid thar lear.

**Antain:** Bhí an banna ceoil Arcade Fire ag Féile Oxegen i mbliana. An maith leat iad?

**Neasa:** Is aoibhinn liom iad.

**Antain:** Feicfidh tú arís iad. Beidh siad san O2 i mí na Samhna.

**Sin deireadh na trialach. Slán agaibh.**